



An Bhruiséil, 13 Márta 2025
(OR. en)

7086/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0052(COD)**

**STATIS 9
COMPET 152
CODEC 261
IA 20**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	11 Márta 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 100 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 100 final.

Faoi iamh: COM(2025) 100 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.3.2025
COM(2025) 100 final

2025/0052 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHEACS AN TOGRA

Forais agus cuspóirí an togra

Léirigh géarchéimeanna airgeadais roimhe seo gur féidir le forbairtí i margaí an eastáit réadaigh iarmhairtí tromchúiseacha a imirt ar chobhsaíocht an chórais airgeadais agus ar chobhsaíocht an gheilleagair ina iomláine. An Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS), a bhfuil sé de chúram air formhaoirseacht mhacrastuamachta a dhéanamh ar chóras airgeadais an Aontais agus riosca sistéamach a chosc agus a mhaolú, shainaithin sé bearnaí móra maidir le hinfhaighteacht faisnéise inchomparáide faoi phraghsanna, cíosanna agus tosú tógála san earnáil eastáit réadaigh tráchtála. Cuireann sé sin isteach ar a chumas anailís fhónta a chur ar fáil agus rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud tíortha a shainaithint. Ina chuid Moltaí an 31 Deireadh Fómhair 2016 (BERS/2016/14) ⁽¹⁾ agus an 21 Márta 2019 (BERS/2019/3) ⁽²⁾ maidir le bearnaí i sonraí eastáit réadaigh a dhúnadh, d'iarr BERS go sainráite ar an gCoimisiún reachtaíocht a mholadh chun an bhearna sonraí maidir leis an eastát réadach tráchtála fisiceach a líonadh. Mhol an Chomhairle chomh maith forbairt staidrimh a dhéanamh i dtaca le heastát réadach tráchtála ina conclúidí maidir le staidreamh le blianta beaga anuas.

Cé go dtagann staidreamh airgeadais lena gcumhdaítear neamhchosaint an chórais airgeadais ar chreidmheasanna eastáit réadaigh faoi inniúlacht an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais, is faoi fhreagracht an Choimisiúin (Eurostat) agus an Chórais Staidrimh Eorpaigh atá an staidreamh neamhairgeadais a mhéid a bhaineann le margadh an eastáit réadaigh tráchtála fhisicigh. Dá bhrí sin, leis an togra seo dirítear ar staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála agus líonfaí leis bearna mhór in infhaighteacht na faisnéise staidrimh sin a theastaíonn chun críoch macrastuamachta. Faoi láthair, is beag foinse oifigiúil staidrimh neamhairgeadais atá ann maidir le heastát réadach tráchtála, agus bheadh infhaighteacht níos mó staidrimh ríthábhachtach do lucht ceaptha beartas chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chobhsaíocht airgeadais. Is ó eagraíochtaí príobháideacha a cheannaítear formhór na faisnéise a úsáideann lucht ceaptha beartas faoi láthair.

Le blianta beaga anuas, tá imscrúdú comhpháirteach déanta ag an gCoimisiún (Eurostat) agus ag na Ballstáit ar a indéanta atá sé staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála a fhorbairt. Tá dul chun cinn mór déanta acu, go háirithe maidir le praghsanna, cíosanna agus tosú tógála, cé go bhfuil dúshlán mhóra phraiticiúla agus mhodheolaíochta fós ann. D'áiríteofaí leis an togra go mbeadh an staidreamh sin inchomparáide agus comhsheasmhach ar fud Ballstáit den Aontas Eorpach. Gan an tionscnamh seo, d'fhéadfaí an staidreamh a sholáthar ar bhonn deonach, ach bheadh cumhdach teoranta fós ann i dtéarmaí na mBallstát mura seolfadh roinnt tíortha sonraí agus ní bheadh inchomparáideacht an staidrimh ar fud na mBallstát áirithithe.

Rinneadh iarrachtaí Eurostat agus na mBallstát chun staidreamh neamhairgeadais a fhorbairt maidir le réimse an staidrimh eastáit réadaigh tráchtála a dhoiciméadú sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin *Final progress report on commercial real estate*

¹ Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 31 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearnaí sonraí na n-eastát réadach a dhúnadh (BERS/2016/14) (IO C 31, 31.1.2017, lch. 1).

² Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 21 Márta 2019 lena leasaítear Moladh BERS/2016/14 maidir le bearnaí i sonraí eastáit réadaigh a dhúnadh (BERS/2019/3) (IO C 271, 13.8.2019, lch. 1).

statistics [Tuarascáil chríochnaitheach ar dhul chun cinn maidir le staidreamh eastáit réadaigh tráchtála] (SWD(2023) 434 final) ⁽³⁾. Mar sin féin, ní raibh an dul chun cinn cothrom ar fud na dtáscairí uile ná ar fud na mBallstát uile, go háirithe i gcás ina bhfuil gníomhaíocht deonach. Ina theannta sin, tá dúshlán mhodheolaíochta fós ann toisc bhfuil foinsí sonraí agus méid na margai eastáit réadaigh tráchtála éagsúil ó thír go tír. Mar gheall ar infhaighteacht theoranta foinsí sonraí agus cáilíocht neamhleor staidrimh, ní áirítear sa Rialachán seo na táscairí maidir le hinnéacsanna toraidh cíosa agus rátaí folúntais a mhol BERS. Is gá leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsuithe modheolaíochta agus i bhfothú acmhainneachta le haghaidh staidreamh den sórt sin.

Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an togra go hiomlán comhsheasmhach le forálacha atá ann cheana i reachtaíocht an Aontais maidir le staidreamh, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ⁽⁴⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

Bunús dlí

Is é Airteagal 338(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra seo. Sonraítear leis an bhforáil sin nach mór do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a ghlacadh chun staidreamh a tháirgeadh, nuair is gá, chun gníomhaíochtaí an Aontais a chur i gcrích.

Ina theannta sin, leagtar amach in Airteagal 338(2) CFAE na ceanglais maidir le staidreamh Eorpach a tháirgeadh, agus sonraítear nach mór caighdeáin neamhchlaontachta, iontaofachta, oibiachtúlachta, neamhspleáchais eolaíochta, éifeachtúlachta costais, agus rúndachta staidrimh a chomhlíonadh gan ualach iomarcach a chur ar ghnólachtaí ('oibreoirí eacnamaíocha').

Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tá gach Ballstát den Aontas freagrach as staidreamh oifigiúil a tháirgeadh agus a fhoilsiú ina gcumhdaítear a chríoch. Chun a áirithiú gur féidir an staidreamh sin a chur i gcomparáid le chéile ansin idir na Ballstáit, tá gá le comhordú ar leibhéal an Aontais i bhfoirm reachtaíochta agus treoraíochta maidir leis na sainmhínithe, na foinsí agus na modheolaíochtaí a úsáideadh. Tá staidreamh inchomparáide fíor-riachtanach do lucht ceaptha beartas sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais freisin.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an rialacháin atá beartaithe a bhaint amach go hiomlán agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Bheadh an ghníomhaíocht níos éifeachtaí dá ndéanfaí ar leibhéal an Aontais í, ar bhonn gníomh dlí de chuid an Aontais lena n-áirithítear inchomparáideacht na

³ [Clár Dhoiciméid an Choimisiúin - SWD\(2023\)434 \(europa.eu\).](https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2023/434/oj)

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndacht staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164 – ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj>).

faisnéise staidrimh sa réimse staidrimh a chumhdaítear leis an ngníomh atá beartaithe. Idir an dá linn, is fearr gurb iad na Ballstáit a dhéanfaidh sonraí a bhailiú.

Comhréireacht

Is é is aidhm fhoriomlán don togra bearnaí móra a líonadh i dtéarmaí staidrimh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála a bhfuil gá leis chun críoch macrastuamachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Bainfear úsáid as an staidreamh sin chun faireachán a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais. Bainfear úsáid astu freisin le haghaidh ceapadh beartas fíoscach, airgeadaíochta agus macrastuamachta agus le haghaidh taighde ar mhargaí eastáit réadaigh. Cuirfear ar fáil iad saor in aisce d'úsáideoirí.

I dtéarmaí an ualaigh riaracháin, is ar institiúidí staidrimh náisiúnta a bheidh an príomhthionchar. Beidh orthu infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt agus i dtáirgeadh an staidrimh neamhairgeadais maidir leis an eastát réadach tráchtála. Déanfar na sonraí a úsáidfear le haghaidh an staidrimh a fháil ó bhunachair sonraí riaracháin atá ann cheana agus ó eagraíochtaí eastáit réadaigh a bhailíonn sonraí ábhartha, nó beidh siad bunaithe ar fhaisnéis staidrimh a bailíodh cheana ó ghnólaigh. Dá bhrí sin, is beag ualach breise a bheidh ar theaghlaigh ná ar ghnólaigh. Ní bheadh tionchar mór díreach eacnamaíoch, comhshaoil ná sóisialta ann mar thoradh ar an togra, agus ní bheadh caiteachas mór i gceist leis.

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní bhaineann an rialachán atá beartaithe ach leis an íosmhéid a theastaíonn chun a chuspóir a bhaint amach agus ní théann sé thar an méid atá riachtanach don chuspóir sin.

An rogha ionstraime

Ós rud é nach bhfuil staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála cumhdaithe go fóill ag reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, is gá píosa nua reachtaíochta a mholadh.

Braitheann cinntí beartais agus gnó freisin ar staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála inchomparáide, comhchuibhithe agus ardcháilíochta ar leibhéal na hEorpa. Is é an bealach is fearr chun staidreamh den sórt sin a dhaingniú trí rialachán, atá infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

An 27 Samhain 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad glao ar fhianaise maidir leis an tionscnamh chun reachtaíocht a mholadh maidir le staidreamh eastáit réadaigh tráchtála ar an tairseach 'Cloisimis uait' ⁽⁵⁾. Sholáthair cúig chomhlachas eastáit réadaigh Eorpacha aiseolas maidir leis an tionscnamh, agus chuir siad an géarghá atá le staidreamh níos fearr maidir le heastát réadach tráchtála i dtábhacht go ginearálta.

Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (an Coiste um CSE) maidir leis an dréacht-togra ag an gcruinniú a bhí aige i mí Feabhra 2024. D'aithin an Coiste um CSE an méadú atá ag teacht ar an éileamh ó úsáideoirí ar staidreamh inchomparáide nua, staidreamh atá thar a bheith tábhachtach freisin chun faireachán a dhéanamh ar chobhsaíocht

⁵ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13916-Staitistici-i-dtaca-le-heastat-readach-trachtala_ga

airgeadais, le haghaidh maoirseacht mhacrastruamachta agus beartais fhioscacha agus airgeadaíochta a cheapadh san Aontas. Chuir an Coiste in iúl go dtacaíonn sé le rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála. Ba dhíol sásaimh don Choiste go ndearnadh iarracht sa dréacht-togra ón gCoimisiún cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais úsáideoirí agus indéantacht, costais agus ualach tháirgeadh an staidrimh sin.

Bhí na comhairliúcháin an-tábhachtach, i dtéarmaí an ualaigh riaracháin, mar gur ar na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta a bheidh an príomhthionchar. Beidh orthu infheistiú i bhforbairt agus i dtáirgeadh an staidrimh atá beartaithe. Déanfar na sonraí a úsáidfear le haghaidh an staidrimh a fháil ó bhunachair sonraí riaracháin atá ann cheana agus ó eagraíochtaí eastáit réadaigh a bhailíonn sonraí ábhartha, nó beidh siad bunaithe ar fhaisnéis staidrimh a bailíodh cheana ó ghnólachtaí. Dá bhrí sin, is beag ualach breise a bheidh ar theaghlaigh ná ar ghnólachtaí.

Bailiú agus úsáid saineolais

Bhain an togra tairbhe as ranníocaíochtaí a sholáthair saineolaithe ó na foinsí seo a leanas: na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta (trí ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin maidir le staidreamh praghsanna eastáit réadaigh agus maidir le staidreamh gnó gearrthéarmach); an Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais de chuid an Choimisiúin agus an Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil; an Banc Ceannais Eorpach agus an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach; agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile amhail an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta.

Measúnú tionchair

Measadh nach raibh gá le measúnú tionchair iomlán toisc nach raibh aon rogha beartais ar fáil don Choimisiún, ós rud é gur chuir BERS de chúram air go sonrach ina Mholadh in 2019 reachtaíocht a mholadh chun an bhearna sonraí atá ann cheana i réimse an staidrimh neamhairgeadais eastáit réadaigh a líonadh. Ina theannta sin, beidh costais íosta ag baint leis an togra nua (go háirithe do ghnólachtaí) ós rud é go mbeidh sé ag brath go mór ar athúsáid sonraí foinseacha atá ann cheana i mbunachair sonraí riaracháin nó i mbunachair sonraí atá faoi úinéireacht phríobháideach.

In 2023, rinne Eurostat suirbhé i measc na mBallstát chun an dul chun cinn a rinneadh maidir le táscairí praghais agus cíosa a fhorbairt le haghaidh eastát réadach tráchtála a mheas. Maidir le hinnéacsanna praghsanna, thuairiscigh 15 as na 16 thír a rinne meastóireacht ar na foinsí sonraí a bhí ar fáil go raibh nó go mbeadh foinsí sonraí riaracháin á n-úsáid acu amhail cláir idirbhearta eastáit réadaigh nó cláir luachanna breithmheasa. Chuir tír amháin suirbhé tiomnaithe ar bun.

Maidir le hinnéacsanna cíosa, sholáthair 12 Bhallstát faisnéis: Thuairiscigh cúig cinn acu gur úsáideadh foinsí sonraí riaracháin, d'úsáid dhá cheann acu gur úsáideadh foinsí sonraí príobháideacha (e.g. sonraí ó eagraíochtaí eastáit réadaigh), bhraith dhá cheann acu ar shonraí maidir le cíosa a bailíodh cheana le haghaidh staidreamh gearrthéarmach; agus d'úsáid trí cinn acu meascán de na cineálacha foinsí sonraí sin.

Ina theannta sin, in 2022, bhailigh Eurostat meastacháin ar chostais a thabhdh na Ballstáit as sonraí a bhailiú maidir le tosú tógála agus le cur i gcrích oibreacha. Cuirfidh bailiú sonraí na n-athróg sin leis na sonraí atá ann cheana a bailíodh maidir le ceadanna tógála, agus beidh sé bunaithe go hiomlán ar shonraí riaracháin. Ní bheidh aon chostas ná ualach breise ar ghnólachtaí ná ar theaghlaigh mar thoradh air sin. Ní bheidh tionchar aige ach ar riaracháin foirgneamh (áitiúla).

Mar fhreagairt ar an nGlaio ar Fhianaise, i mí na Samhna-mí na Nollag 2023, ba dhíol sásaimh do chúig chomhlachas tionscnamh an Choimisiúin agus an deis sainmhínte comhchoiteanna a bhunú agus feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí maidir le heastát réadach tráchtála. Bhí comhlachas amháin amhrasach maidir leis an tionchar íosta measúnaithe ar ghnólachtaí. Ba é an phríomhchúis leis sin neamhaibíocht na mbunachar sonraí foluiteach nach mbeadh digitithe go leormhaith agus nach mbeadh an t-eastát réadach tráchtála ná an t-eastát réadach chónaithe gafa iontu. Sonraigh an comhlachas sin, áfach, go bhféadfadh sé sin a bheith amhlaidh toisc nach bhfuil sainmhínte comhchuibhithe ann faoi láthair maidir le heastát réadach tráchtála.

Ní bheadh tionchar mór díreach eacnamaíoch, comhshaoil ná sóisialta ann mar thoradh ar an rialachán atá beartaithe, agus ní bheadh caiteachas mór i gceist leis. Is beag an tionchar a bheadh aige sin ar ghnólachtaí beaga, meánmhéide agus móra, má bhíonn tionchar ar bith ann. Chuirfeadh sé bonn fianaise feabhsaithe ar fáil do lucht déanta beartas agus d'úsáideoirí eile freisin.

Cearta bunúsacha

Níl aon iarmhairt ag an togra seo maidir le cosaint na gcearta bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Mairfidh tionchar airgeadais an togra ar feadh tréimhse neamhtheoranta agus beidh tréimhse thosaigh 3 bliana ann, ó 2026 go 2028. Ní chumhdaítear leis an ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach ach an méid atá fágtha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha ⁽⁶⁾. Dá bhrí sin, beidh an cistiú fós ag brath ar na comhaontuithe ar thángthas orthu don chéad CAI eile.

Le haghaidh 2026 agus 2027, tiocfaidh cistiú ó leithdháiltí clár atá ann cheana agus níl gá le cistiú breise.

Meastar gurb é EUR 3.6 milliún iomlán na leithreasuithe do 2026 agus 2027. Leagtar impleachtaí buiséadacha mionsonraithe amach sa ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach.

5. EILIMINTÍ EILE

Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Meastar gurb é in 2025 a ghlacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an rialachán atá beartaithe agus go nglacfaidh an Coimisiún na bearta cur chun feidhme go gairid ina dhiaidh sin. Meastar go mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) faireachán ar chur chun feidhme an rialacháin atá beartaithe ag na Ballstáit. Tabharfar aird ar leith ar cháilíocht an staidrimh ó thaobh iomláine, iontaofachta, tráthúlachta agus inchomparáideachta an staidrimh sin de. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) faireachán freisin ar na costais arna dtabhú ag institiúidí staidrimh náisiúnta chun an staidreamh a fhorbairt agus a tháirgeadh.

Bainfidh an Coimisiún (Eurostat) úsáid as na huirlisí faireacháin agus meastóireachta atá ann cheana agus atá bailí d'aschur staidrimh uile Eurostat. Is uirlisí iad sin lena gcumasaítear dea-

⁶ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11 - ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj>)

anailís a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an tionscnaimh nua staidrimh agus ar cháilíocht na sonraí arna dtáirgeadh.

Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Leagtar amach in Airteagal 1 den togra aidhm an Rialacháin, a leanann ceapadh mholadh F ó BERS - Creat comhchoiteann íosta a bhunú le haghaidh margadh an eastáit réadaigh tráchtála fhisicigh (BERS/2019/3). Soiléirítear leis an airteagal seo freisin nach ndéileáiltear sa rialachán ach le staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála (dá ngairtear ‘táscairí mhargadh an eastáit réadaigh tráchtála fhisicigh’ ag BERS).

Tugtar sainmhínithe in Airteagal 2. Ionchorpraítear sa togra na sainmhínithe ar eastát réadach tráchtála atá comhsheasmhach leis na sainmhínithe a úsáidtear i moladh BERS.

Ceanglaítear le hAirteagal 3 go gcomhlíonfaidh na foinsí agus na modhanna a úsáidfear na ceanglais cháilíochta a leagtar síos le haghaidh an staidrimh sin.

In Airteagal 4 tugtar tuairisc ar chearta agus oibleagáidí na mBallstát agus na sealbhóirí sonraí a mhéid a bhaineann le rochtain ar shonraí, agus tagairt á déanamh do Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

Tagraítear in Airteagal 5(1) don iarscríbhinn a ghabhann leis an mbunghníomh, lena n-áirítear an liosta athróg is gá. Is iad sin:

- ceadanna tógála (an líon teaghaisí, achar urláir inúsáidte)
- tosú tógála agus cur i gcrích oibreacha oibre (achar urláir inúsáidte)
- innéacsanna praghsanna eastáit réadaigh tráchtála
- innéacsanna cíosa eastáit réadaigh tráchtála
- luach idirbheart eastáit réadaigh tráchtála.

Sonraítear in Airteagal 5(3) go bhféadfar an liosta sin a leasú le gníomhartha tarmilgthe i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 9.

Liostaítear in Airteagal 5(4) na saintréithe sonraí, lena n-áirítear miondealuithe ar athróa, a fhéadfaidh an Coimisiún a cheangal ar na Ballstáit a sholáthar trí ghníomhartha cur chun feidhme (arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta in Airteagal 10). Sonraítear ann freisin go bhféadfaidh an Coimisiún bearta simplithe a ghlacadh, ar cheart dóibh an méid margaí eastáit réadaigh tráchtála i dtíortha éagsúla a chur san áireamh. Féadfar bearta den sórt sin a úsáid chun ceanglais áirithe i ndáil le sonraí a mhaolú do thíortha a bhfuil margaí beaga eastáit réadaigh tráchtála acu.

Leagtar síos in Airteagal 6 na critéir cháilíochta agus na ceanglais maidir le tuairisciú cáilíochta. Ceanglaítear ar na Ballstáit meiteashonraí, tuarascálacha cáilíochta agus fardail a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) gach bliain.

Déantar foráil le hAirteagal 7 go bhféadfar treoirstaidéir a dhéanamh sula nglacfar aon cheanglas nua i ndáil le sonraí amach anseo.

Déantar foráil le hAirteagal 8 maidir leis an bhféidearthacht buiséad an Aontais a úsáid chun staidreamh eastáit réadaigh tráchtála a fhorbairt a cheanglaítear leis an rialachán seo trí bhíthin deontas, agus le haghaidh na dtreoirstaidéar.

Leagtar síos in Airteagal 9 an nós imeachta maidir le gníomhartha tarmilgthe a ghlacadh, agus déantar an rud céanna in Airteagal 10 maidir le gníomhartha cur chun feidhme.

Déantar foráil le hAirteagal 11 go bhféadfaidh na Ballstáit iarraidh a chur isteach ar mhaolú ar roinnt de cheanglais an bhunghnímh nó an ghnímh cur chun feidhme. Féadfar maoluithe a dheonú ar feadh uastréimhse 3 bliana agus ba cheart iad a iarraidh laistigh de 3 mhí ó ghlacadh an ghnímh ábhartha.

Leasaítear le hAirteagal 12 Rialachán (AE) 2019/2152 maidir le staidreamh gnó Eorpach ⁽⁷⁾ chun athróg na gceadanna tógála a bhaint.

Sonraítear in Airteagal 13 an dáta teacht i bhfeidhm. Is é an 1 Eanáir 2026 an dáta atá beartaithe.

⁷ Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 327, 17.12.2019, lch. 1 – ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2152/oj>).

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá staidreamh maidir le forbairtí i margaí an eastáit réadaigh fíor-riachtanach le haghaidh beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a cheapadh, faireachán a dhéanamh ar an riosca sistéamach agus ceapadh beartas macrastuamachta a threorú.
- (2) Shainaithin an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) bearnaí sonraí maidir le staidreamh airgeadais agus neamhairgeadais i ndáil leis na margaí eastáit réadaigh cónaithe agus tráchtála ina Mholadh an 31 Deireadh Fómhair 2016 ⁽¹⁾. Cuireann na bearnaí sonraí bac ar shainordú BERS.
- (3) Cé gurb iad an Banc Ceannais Eorpach agus an Córas Eorpach Banc Ceannais a fhorbraíonn staidreamh airgeadais maidir le margaí eastáit réadaigh, is faoi fhreagracht an Choimisiúin (Eurostat) agus an Chórais Staidrimh Eorpaigh a thagann staidreamh neamhairgeadais.
- (4) Ó thaobh na macrastuamachta, baineann eastát réadach cónaithe le haon réadmhaoin atá beartaithe nó a úsáidtear chun críoch tithíochta, atá ann cheana nó atá á tógáil, atá faighte ag duine nádúrtha nó atá faoina úinéireacht. Foilsíonn an Coimisiún (Eurostat) staidreamh cheana a bhaineann leis an eastát réadach cónaithe. Déantar innéacsanna comhchuibhithe praghsanna tithe a tháirgeadh agus a fhoilsiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/792 agus, gach 10 mbliana, scaiptear torthaí na n-áireamh tithíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ⁽²⁾. Ina theannta sin, tá staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le heastát réadach ar fáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/2152.

¹ Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 31 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearnaí sonraí na n-eastát réadach a dhúnadh (BERS/2016/14) (IO C 31, 31.1.2017, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta (IO L 218, 13.8.2008, lch. 14, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/763/oj>).

- (5) Ina Mholadh an 21 Márta 2019 ⁽³⁾, lena leasaítear a Mholadh an 31 Deireadh Fómhair 2016, d'iarr BERS go sonrach go mbeadh reachtaíocht an Aontais ann lena mbunaítear creat comhchoiteann íosta le haghaidh bunachar sonraí a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh maidir le táscairí i ndáil le margadh an eastáit réadaigh tráchtála fhisicigh. Tá gá le forbairt den sórt sin chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna i staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais.
- (6) Sa Mholadh céanna sin ó 2019, shainmhínigh BERS an t-eastát réadach tráchtála fisiceach mar aon eastát réadach lena dtáirgtear ioncam, arb eastát réadach tráchtála é atá ann cheana nó atá á fhorbairt, lena n-áirítear tithíocht chíos; nó eastát réadach a úsáideann úinéirí na réadmhaoin chun a ngnó, a gcuspóir nó a ngníomhaíocht a dhéanamh, ar réadmhaoin í atá ann cheana nó atá á tógáil; nach n-aicmítear mar eastát réadach cónaithe; agus lena n-áirítear tithíocht shóisialta. Tá na sainmhínithe sa Rialachán seo ailínithe leis na sainmhínithe a mhol BERS in 2019.
- (7) Rinne an Coimisiún (Eurostat) agus na hinstiúidí staidrimh náisiúnta, i ndlúthchomhar le BERS, measúnú ar a indéanta atá na táscairí maidir leis an eastát réadach tráchtála fisiceach, is é sin an t-innéacs praghsanna, an t-innéacs cíosa, an t-innéacs toraidh cíosa, na rátaí folúntais agus tosú tógála, arna moladh ag BERS. Deimhníodh an indéantacht maidir leis an innéacs praghsanna, an t-innéacs cíosa, tosú tógála agus cur i gcrích oibreacha a tháirgeadh. Mar gheall ar infhaighteacht theoranta foinsí sonraí agus cáilíocht neamhleor, ní féidir na táscairí maidir le hinnéacsanna toraidh cíosa agus rátaí folúntais a áireamh sa Rialachán seo agus ba cheart go leanfaí dá bhforbairt. An tráth céanna, cuireadh táscaire tábhachtach breise leis maidir le luach idirbhearta eastáit réadaigh tráchtála.
- (8) Ba cheart rochtain thráthúil a bheith ag instiúidí staidrimh náisiúnta, ag údarais staidrimh náisiúnta eile agus ag an gCoimisiún (Eurostat) ar fhoinsí sonraí a bhfuil gá leo chun an staidreamh a thiomsú faoin Rialachán seo. Féadfaidh suirbhéanna, taifid riaracháin, sonraí idirbhirt nó foinsí eile, lena n-áirítear teaghlaim díobh sin, a bheith ina bhfoinsí ábhartha sonraí le haghaidh staidreamh neamhairgeadais maidir le eastáit réadaigh tráchtála.
- (9) Chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht phróisis táirgthe staidrimh an Chórais Staidrimh Eorpaigh (CSE) agus chun an t-ualach staidrimh ar fhreagróirí a laghdú, sonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach ⁽⁴⁾ raon foinsí sonraí atá le húsáid chun críoch staidrimh. Go sonrach, ba cheart an ceart a bheith ag Instiúidí Staidrimh Náisiúnta agus ag údarais staidrimh náisiúnta eile na sonraí sin agus na meiteashonraí ábhartha a rochtain, a úsáid agus a chomhtháthú, saor in aisce, ar bhealach tráthúil agus le minicíocht agus gráinneacht leordhóthanach chun staidreamh Eorpach maidir le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, i gcomhréir le

³ Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 21 Márta 2019 lena leasaítear Moladh BERS/2016/14 maidir le bearnaí i sonraí eastáit réadaigh a dhúnadh (BERS/2019/3) (IO C 271, 13.8.2019, lch. 1).

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj>).

hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/3018⁵.

- (10) Ba cheart na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus an Coimisiún (Eurostat) a bheith i dteideal rochtain a fháil ar fhoinsí nua sonraí agus iad a úsáid, lena n-áirítear sonraí atá i seilbh phríobháideach, chun críoch staidrimh, i gcomhréir le hAirteagal 17b de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/3018. Arna iarraidh sin, ba cheart do shealbhóir sonraí príobháideach na sonraí agus na meiteashonraí ábhartha a chur ar fáil saor in aisce d’Institiúidí Staidrimh Náisiúnta nó don Choimisiún (Eurostat) i gcás ina bhfuil géarghá leis na sonraí a iarrtar chun staidreamh Eorpach maidir le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus nach féidir iad a fháil ar bhealaí eile nó i gcás ina mbeadh laghdú suntasach ar an ualach freagartha ar shealbhóirí sonraí agus ar ghnólachtaí eile mar thoradh ar athúsáid na sonraí nó na meiteashonraí sin.
- (11) Agus an prionsabal á choinneáil ar bun arb é staidreamh a sholáthar maidir le margadh an eastáit réadaigh tráchtála uile, ba cheart ceanglais i ndáil le sonraí, a mhéid is féidir, a shimpliú d’fhonn an t- ualach ar Bhallstáit atá réasúnta beag a mhaolú, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Níor cheart do na ceanglais bhreise ualach riaracháin díreireach a leagan ar fhreagróirí agus institiúidí staidrimh náisiúnta.
- (12) Tá fardail foinsí agus modhanna agus tuarascálacha cáilíochta fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an staidrimh Eorpaigh, feabhas a chur uirthi agus í a chur in iúl. Chuige sin, d’fhorghuinigh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach (an Coiste um CSE) an Struchtúr Meiteashonraí Comhtháite Aonair (SIMS) ⁽⁶⁾ mar chaighdeán CSE le haghaidh meiteashonraí agus tuairisciú cáilíochta, lena rannchuidítear le comhlíonadh na gceanglas cáilíochta staidrimh a leagtar síos in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 trí chaighdeáin choiteanna agus modhanna comhchuibhithe. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais.
- (13) Thairis sin, le Moladh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 maidir le tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta don Chóras Staidrimh Eorpach ⁽⁷⁾ iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh a n-institiúidí staidrimh náisiúnta faoi seach na coincheapa staidrimh a liostaítear sa leagan is déanaí de SIMS arna fhorghéar ag an gCoiste um CSE i bhfeidhm, agus tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta á dtiomsú acu sna réimsí staidrimh éagsúla, agus nuair a bheidh meiteashonraí tagartha agus tuarascálacha cáilíochta á malartú acu in CSE. Dá bhrí sin, ba cheart cloí le Moladh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún, a mhéid is ábhartha, i ndáil le staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála freisin.
- (14) I gcás inar gá ceanglais nua maidir le sonraí nó feabhsuithe ar thacair sonraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ba cheart treoirstaidéir a sheoladh. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na treoirstaidéir sin a dhéanamh ar bhonn deonach agus ionadaíochas tíre ar leibhéal an Aontais á háirithiú.
- (15) Maidir le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail an tionscnamh um Malartú Sonraí agus Meiteashonraí Staidrimh (SDMX), agus caighdeáin staidrimh nó theicniúla arna

⁵ Rialachán (AE) 2024/3018 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach (IO L 6, 12.2.2024, lch. 1).

⁶ <https://ec.europa.eu/eurostat/web/quality/quality-monitoring/quality-reporting>.

⁷ IO L 53, 21.2.2023, lch. 104.

bhforbairt laistigh de CSE, ba cheart iad a úsáid a mhéid is ábhartha do staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála freisin.

- (16) Chun forbairtí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún, chun an liosta athróg a leagtar amach in Iarscríbhinn I a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ⁽⁸⁾. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (17) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialachán seo a chur chun feidhme i dtaca le mionsonraí na n- athróg chomh maith leis an bhformáid, leis na bearta slándála agus rúndachta agus leis an nós imeachta do mhalartú sonraí rúnda, na socruithe praiticiúla maidir le tarchur, inneachar agus sprioc-amanna chun na tuarascálacha meiteashonraí agus cáilíochta a tharchur, na caighdeáin maidir le tarchur sonraí agus meiteashonraí agus maoluithe ar cheanglais an Rialacháin seo nó ar na gníomhartha cur chun feidhme a ghlactar dá bhun. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (18) I gcás ina mbeadh gá le hoiriúnuithe móra ar chóras staidrimh náisiúnta de chuid Ballstáit de bharr chur i bhfeidhm an Rialacháin seo nó na ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann, i gcásanna cuí-réasúnaithe, maoluithe a dheonú don Bhallstát lena mbaineann. Ba cheart maoluithe den sórt sin a bheith sealadach agus ba cheart iad a dheonú ar feadh uastréimhse 3 bliana. Ba cheart don Choimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit lena mbaineann agus iarrachtaí á ndéanamh acu chun na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar a gcórais staidrimh, chun deireadh a chur leis na maoluithe sin a luaithe is féidir.
- (19) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin creat comhchoiteann a bhunú le haghaidh staidreamh neamhairgeadais maidir le eastát réadach tráchtála, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr cúiseanna a bhaineann le comhchuibhiú agus inchomparáideacht, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (20) Chun comhsheasmhacht leanúnach na dtáscairí eastáit réadaigh tráchtála uile a áirithiú, ba cheart táscaire na topaice ‘eastát réadach’ dá dtagraítear in Iarscríbhinn I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152 a áireamh sa Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2019/2152 a leasú.

⁸ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

⁹ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

(21) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo creat coiteann chun staidreamh neamhairgeadais maidir le heastát réadach tráchtála a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘staidreamh neamhairgeadais’ sonraí staidrimh a thagraíonn do shócmhainní neamhairgeadais de réir aicmiú Iarscríbhinn A, Caibidil 7, pointe 7.20, a ghabhann le Rialachán (AE) 549/2013⁽¹⁰⁾.
- (2) ciallaíonn ‘eastát réadach tráchtála’ aon réadmhaoin chónaithe atá faighte ag duine dlítheanach nó atá faoina úinéireacht, nó aon réadmhaoin neamhchónaithe atá faighte ag duine nádúrtha nó duine dlítheanach nó atá faoina n-úinéireacht, agus a bhfuil an méid seo a leanas i gceist leis:
 - (a) réadmhaoin lena dtáirgtear ioncam, atá ann cheana nó atá á tógáil, lena n-áirítear tithíocht chíos;
 - (b) nó réadmhaoin neamhchónaithe a úsaideann úinéirí chun a ngnó, a gcuspóir nó a ngníomhaíocht a dhéanamh, ar maoin í atá ann cheana nó atá á tógáil;
 - (c) tithíocht shóisialta.
- (3) tuigfear ‘duine dlítheanach’ de réir bhrí aicmiú na hIarscríbhíne, Roinn II, Pointe A a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle ⁽¹¹⁾,
- (4) ciallaíonn ‘réadmhaoin’ foirgneamh in éineacht leis an talamh ar a bhfuil sé suite;
- (5) ciallaíonn ‘réadmhaoin chónaithe’ réadmhaoin atá beartaithe agus a úsáidtear chun críoch tithíochta;
- (6) ciallaíonn ‘réadmhaoin neamhchónaithe’ réadmhaoin atá beartaithe agus a úsáidtear chun críocha seachas tithíocht;
- (7) ciallaíonn ‘maoin lena dtáirgtear ioncam’ aon réadmhaoin lena ngintear ioncam trí chíos nó trí bhrabús as a díol;
- (8) ciallaíonn ‘réadmhaoin lena dtáirgtear ioncam atá á tógáil’ aon réadmhaoin atá á tógáil, atá beartaithe ioncam a sholáthar dá húinéir, tráth a críochnaithe, i bhfoirm cíosa, nó brabús as a díol, seachas foirgnimh atá á scartáil nó láithreáin atá á nglanadh le haghaidh forbairt a d’fhéadfaí a dhéanamh amach anseo;

¹⁰ Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach um chuntais náisiúnta agus réigiúnacha san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj>).

¹¹ Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir leis na haonaid staidrimh chun breathnú agus anailís a dhéanamh ar an gcóras táirgthe sa Chomhphobal (IO L 76, 30.3.1993, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1993/696/oj>).

- (9) ciallaíonn ‘tithíocht chíosa’ aon réadmhaoin chónaithe atá faighte nó faoi úinéireacht ag duine dlítheanach arb é an phríomhaidhm atá léi í a ligean ar cíós;
- (10) ciallaíonn ‘tithíocht shóisialta’ aon réadmhaoin chónaithe atá faighte, faoi úinéireacht nó á bainistiú ag duine dlítheanach arb é an phríomhaidhm atá léi í a ligean ar cíós le tionóntaí, go sonrach le daoine atá faoi mhíbhuntáiste nó le grúpaí nach bhfuil na buntáistí céanna acu ar bhonn sóisialta, agus sin a dhéanamh faoi bhun an mhargaidh, i gcomhréir le rialacha sonracha seachas sásraí margaidh.

Airteagal 3

Foinsí sonraí agus modhanna

Chun an staidreamh a éilítear faoin Rialachán seo a tháirgeadh, féachfaidh na Ballstáit le sonraí riaracháin a úsáid a mhéid is féidir chun an t-ualach freagartha a laghdú.

Nuair nach leor sonraí riaracháin a úsáid chun staidreamh a tháirgeadh a chomhlíonann na ceanglais cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 6 den Rialachán seo, féadfaidh na Ballstáit aon fhoinsé sonraí ábhartha eile a úsáid in éineacht leo, lena n-áirítear suirbhéanna agus sonraí ó shealbhóirí sonraí príobháideacha, chomh maith le modhanna nó cineálacha cur chuige nuálacha atá bunaithe ar an eolaíocht, dea-dhoiciméadaithe agus atá ar fáil go poiblí, agus ag an am céanna; ualach iomarcach ar fhreagróirí a sheachaint.

Airteagal 4

Rochtain ar shonraí

1. Gheofar an fhaisnéis is gá chun staidreamh neamhairgeadais maidir le heastát réadach tráchtála a tháirgeadh ó aonaid staidrimh mar a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle, ó shealbhóirí taifead riaracháin, ó shealbhóirí sonraí príobháideacha nó ó fhoinsí eile, ar choinníoll go gcomhlíonann na torthaí na critéir cháilíochta a leagtar síos in Airteagal 6 den Rialachán seo.
2. Rachaidh na haonaid staidrimh a sholáthraíonn faisnéis ar eastát réadach tráchtála i gcomhar chun faisnéis a bhailiú nó a sholáthar de réir mar is gá. Soláthróidh na haonaid staidrimh faisnéis thráthuil, chruinn agus iomlán is gá chun an staidreamh dá bhforáiltear sa Rialachán seo a tháirgeadh. Soláthróidh na haonaid staidrimh an fhaisnéis sin do na húdaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh neamhairgeadais a thiomsú maidir le heastát réadach tráchtála.
3. Arna iarraidh sin do na húdaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála a thiomsú, soláthróidh na haonaid staidrimh, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, taifid leictreonacha ar idirbhearta ar an leibhéal mionsonraí is gá chun staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála a tháirgeadh.
4. Ceadófar do na INSanna agus do na húdaráis staidrimh náisiúnta eile rochtain a fháil ar shonraí agus ar na meiteashonraí ábhartha ó fhoinsí sonraí riaracháin, ó bhunachair sonraí, ó chórais idir-inoibritheachta nó ó aon sonraí atá ábhartha agus riachtanach, agus iad a úsáid agus a chomhtháthú, saor in aisce, ar bhealach tráthuil agus le minicíocht agus gráinneacht leordhóthanach chun staidreamh Eorpach maidir le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh, i gcomhréir le hAirteagal 17a de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009. Déanfar rochtain ar shonraí agus ar mheiteashonraí den sórt sin ag na húdaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as tiomsú staidrimh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála a theorannú do thaifid riaracháin laistigh dá gcórais riaracháin phoiblí féin.

5. Féadfaidh ISN nó an Coimisiún (Eurostat) a iarraidh ar shealbhóir sonraí príobháideach na sonraí agus na meiteashonraí ábhartha a chur ar fáil saor in aisce, i gcás ina bhfuil géarghá leis na sonraí a iarrtar chun staidreamh Eorpach maidir le heastát réadach tráchtála a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh agus nach féidir iad a fháil ar bhealaí eile nó i gcás ina mbeadh laghdú suntasach ar an ualach freagartha ar shealbhóirí sonraí agus ar ghnólachtaí eile mar thoradh ar athúsáid na sonraí nó na meiteashonraí sin, i gcomhréir le hAirteagal 17b de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

Airteagal 5
Ceanglais maidir le sonraí

1. Cumhdófar leis an staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála na hathróna a leagtar amach san Iarscríbhinn.
2. Tiomsóidh agus tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) sonraí a bhaineann le gach athrón dá dtagraítear i mír 1.
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 chun an liosta athrón san Iarscríbhinn a leasú.
4. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na heilimintí seo a leanas de na sonraí a tharchuirfear a shonrú, chomh maith lena sainmhínithe teicniúla agus a simplithe:
 - (a) an t- aonad tomhais;
 - (b) an pobal staidrimh;
 - (c) aicmithe agus miondealuithe;
 - (d) tiomsú innéacsanna;
 - (e) úsáid a bhaint as meastacháin agus ceanglais cháilíochta;
 - (f) an tréimhse tagartha;
 - (g) an spriocdháta le haghaidh sonraí a tharchur;
 - (h) an chéad tréimhse thagartha.
5. Maidir le simplithe, agus an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh de bhun mhír 4 á feidhmiú aige, cuirfidh an Coimisiún méid na margáí eastáit réadaigh tráchtála san áireamh, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.
6. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10 a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4.

Airteagal 6
Ceanglais cháilíochta agus tuairisciú cáilíochta

1. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun cáilíocht an staidrimh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála agus na meiteashonraí gaolmhara a tharchuirtear a áirithiú.
2. Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.
3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) measúnú ar cháilíocht na sonraí agus na meiteashonraí a tharchuireann na Ballstáit.

4. Tarchuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas chuig an gCoimisiún (Eurostat):
 - (a) tuarascálacha bliantúla meiteashonraí tagartha agus cáilíochta;
 - (b) fardail a nuashonraítear go bliantúil ina dtugtar mionsonraí na bhfoinsí sonraí, na sainmhínithe agus na modhanna a úsáideadh.
5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na socruithe praiticiúla maidir leis na sonraí a tharchur, inneachar agus sprioc-amanna chun na tuarascálacha meiteashonraí agus cáilíochta a tharchur, agus maidir leis na fardail dá dtagraítear i mír 4 a tharchur. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10.
6. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas maidir le haon fhaisnéis nó aon athrú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar cháilíocht na sonraí a tharchurtear.
7. Ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón gCoimisiún (Eurostat), soláthróidh na Ballstáit aon fhaisnéis bhreise is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus na meiteashonraí.

Airteagal 7 *Treoirstaidéir*

1. I gcás ina sainaithníonn an Coimisiún (Eurostat) go bhfuil gá ann le ceanglais shuntasacha nua i ndáil le sonraí nó le feabhsuithe ar na sonraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo, féadfaidh sé treoirstaidéir a sheoladh a ndéanfaidh na Ballstáit iad ar bhonn deonach sula mbaileofar aon sonraí nua.
2. Déanfar na treoirstaidéir dá dtagraítear i mír 1 chun measúnú a dhéanamh ar a ábhartha agus a indéanta atá sé na ceanglais nua maidir le sonraí nó na feabhsuithe nua sin a chomhlíonadh. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí agus torthaí na dtreoirstaidéir á gcur san áireamh, tograí maidir le ceanglais nua sonraí a chur isteach.
3. Áiríteoidh na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún (Eurostat), gur staidéir ionadaíocha a bheidh iontu ar leibhéal an Aontais.

Airteagal 8 *Maoiniú*

1. Chun críoch chur chun feidhme an Rialacháin seo, féadfar ranníocaíocht airgeadais a sholáthar ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do na hinstiúidí staidrimh náisiúnta agus d'údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear sa liosta dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, chun freastal ar na costais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:
 - (a) staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála a cheanglaítear leis an Rialachán seo a fhorbairt;
 - (b) modheolaíochtaí a fhorbairt arb é is aidhm dóibh cáilíocht an staidrimh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a mhéadú;
 - (c) modheolaíochtaí a fhorbairt darb aidhm an t- ualach riaracháin agus airgeadais a bhaineann leis an bhfaisnéis is gá do na haonaid tuairiscithe, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, a chur ar fáil, a laghdú;

- (d) rannpháirtíocht sna treoirstaidéir dá dtagraítear in Airteagal 7;
 - (e) próisis, bogearraí agus feidhmeanna cosúla tacaíochta a fhorbairt nó a fheabhsú atá dírithe ar staidreamh cáilíochta níos fearr a tháirgeadh nó an t- ualach riaracháin nó airgeadais a laghdú.
2. Bunófar méid ranníocaíocht airgeadais an Aontais dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le rialacha an chláir cistithe ábhartha, faoi réir na hinfhaighteachta cistithe, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹²⁾.

Airteagal 9 *Tarmligean a fheidhmiú*

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana amháin ó theacht i bhfeidhm an rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

¹² Rialachán (AE) 2021/690 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaiochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, do réimse na bplandaí, na n-ainmhithe, an bhia agus na beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014, (AE) Uimh. 652/2014 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 153, 3.5.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/690/oj>).

Airteagal 10
Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ⁽¹³⁾.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 11
Maoluithe

1. I gcás ina gceanglaítear le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo nó leis na bearta cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun, go ndéanfar oiriúnuithe móra i gcóras staidrimh náisiúnta Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún maoluithe a dheonú, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, don Bhallstát sin ar feadh 3 bliana ar a mhéad.
2. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh chuí-réasúnaithe faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh maolú de bhun mír 1, laistigh de 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh a n-iarrtar an maolú ina leith.
3. Coimeádfar chomh híseal agus is féidir an tionchar a bheidh ag na maoluithe dá dtagraítear in Airteagal 1 ar inchomparáideacht shonraí na mBallstát nó ar ríomh na gcomhiomlán Eorpach tráthúil agus ionadaíoch a cheanglaítear. Cuirfidh an Coimisiún an t-ualach ar fhreagróirí san áireamh agus maoluithe á ndeonú aige.
4. Is i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10 a ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 12
Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 2019/2152

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/2152 mar a leanas:

- (a) leasaítear Airteagal 6(2) mar a leanas:
 - (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (l): ‘(l) ionchuir T&F’;
 - (ii) scriostar pointe (m);
- (b) in Iarscríbhinn I, i dTábla ‘Fearann 1. Staidreamh gnó gearrthéarmach’, scriostar an ró deireanach;
- (c) in Iarscríbhinn II, i dTábla ‘Fearann 1. Staidreamh gnó gearrthéarmach’, scriostar an ró deireanach.

Airteagal 13

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

¹³ IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

AN RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

1.4.2. Cuspóirí sonracha

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí iocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'), agus

measúinú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an iocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

IARSCRÍBHINN

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Staidreamh /// Staitisticí

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart¹

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don togra creat a sholáthar chun staidreamh neamhairgeadais maidir le heastát réadach tráchtála a fhorbairt, a tháirgeadh agus a fhoilsiú agus ar an gcaoi sin bearna mhór a líonadh san infhaighteacht faisnéise staidrimh is gá chun críoch macrastuamachta.

1.4.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh.

1. Chun foráil a dhéanamh maidir le ceanglas dlíthiúil ar na Ballstáit chun staidreamh neamhairgeadais maidir le heastát réadach tráchtála a tháirgeadh, chun margadh iomlán an Aontais a chumhdach;

2. Creat a bhunú le haghaidh staidrimh inchomparáide ardcháilíochta sa réimse seo.

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Is é a bheidh mar thoradh ar an rialachán atá beartaithe bunachar sonraí cuimsitheach ardcháilíochta lena gcumhdófar roinnt táscairí staidrimh atá ábhartha d'fhaireachán a dhéanamh ar chobhsaíocht airgeadais agus beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a cheapadh i gcoitinne.

1.4.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

An líon Ballstát a tháirgeann staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála.

An líon táscairí eastáit réadaigh tráchtála arna dtáirgeadh ag gach Ballstát.

Seachadadh rathúil staidrimh tar éis do na maoluithe atá le deonú ag an gCoimisiún dul in éag.

¹ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5. Forais an togra/tionscnaimh

- 1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is gá d'institiúidí staidrimh náisiúnta na mBallstát a bheith cinnte go mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis bhunúsach is gá ó fhoinsí sonraí riaracháin (amhail cláir idirbhearta tógála, gníomhais nótaire agus ceadanna tógála) nó sonraí atá i seilbh phríobháideach.

- 1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)

Tá gach Ballstát den Aontas freagrach as staidreamh oifigiúil a tháirgeadh agus a fhoilsiú ina gcumhdaítear a chríoch. Chun a áirithiú gur féidir an staidreamh sin a chur i gcomparáid le chéile ansin idir na Ballstáit, tá gá le comhordú ar leibhéal an Aontais trí bhíthin reachtaíochta agus teorach maidir leis na sainmhínithe, na foinsí agus na modheolaíochtaí a úsáideadh.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Tá staidreamh inchomparáide fíor-riachtanach do lucht ceaptha beartas sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais freisin.

- 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Ní raibh aon taithí roimhe seo ar reachtaíocht sa réimse staidrimh seo.

- 1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Cumhdófar na riachtanais airgeadais leis na leithdháiltí dá bhforáiltear cheana in CAI 2021-2027 chun Clár an Mhargaidh Aonair a chur chun feidhme.

- 1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Neamhbhainteach.

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ tréimhse theoranta

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó 2026(sealadach) go dtí 2028,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme²

☒ Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ☒ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V CAE, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí'.*

Nótaí

Neamhbhainteach.

² Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais:
<https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx>

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.

Déanfar faireachán leanúnach ar chomhlíontacht na mBallstát le forálacha an rialacháin atá beartaithe agus tuairiscítear orthu gach bliain, mar is amhlaidh i gcás rialacháin staidrimh uile an Aontais. Thairis sin, déanfaidh Eurostat faireachán rialta ar cháilíocht an staidrimh dá bhforáiltear faoin rialachán atá beartaithe ar bhonn na dtuarascálacha cáilíochta, na meiteashonraí agus na bhfardal a cheanglaítear leis an rialachán.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí iocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is é an modh bainistíochta díri an cur chuige caighdeánach chun forbairt agus táirgeadh staidrimh Eorpaigh a chistiú. Tacófar leis na Ballstáit ina ngníomhaíochtaí forbartha trí bhithin deontas, ach úsáidfídh Eurostat a bhuiséad oibríochtúil chun cúnamh teicniúil agus oiliúint a sholáthar do na Ballstáit chomh maith le treoraíocht mhodheolaíoch a fhorbairt.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ós rud é go mbeartaítear ról bainistíochta díri, is iad na rioscaí dúchasacha na rioscaí sin a bhaineann le soláthairtí agus deontais a bhainistiú.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an iocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tá na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm do na próisis deontais agus soláthair in Eurostat éifeachtach.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Ghlac Eurostat an ‘Straitéis Frithchalaoise 2021-2024’ uaidh i gcomhréir le Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) an 29 Aibreán 2019.

Leagtar trí chuspóir amach sa Straitéis Frithchalaoise ó Eurostat: i.) an acmhainn agus an fheasacht frithchalaoise atá ag Eurostat a neartú mar chuid de chultúr frithchalaoise an Choimisiúin; ii.) na huirlisí agus na feidhmiúlachtaí TF a choimeád agus a neartú agus a chomhtháthú a thuilleadh chun feabhas a chur ar chosc calaoise; iii.) comhar éifeachtúil a choinneáil ar bun le OLAF agus leis an Líonra um Brath agus Cosc Calaoise go háirithe chun leanúint d’fheabhas a chur ar cháilíocht agus iomláine sonraí d’fhonn tacú leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise. Tá plean gníomhaíochta frithchalaoise ag gabháil leis an straitéis frithchalaoise.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	Difreáilt e/Neamhdhifreáilte. ²³	ó thíortha de chuid CSTE ²⁴	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a ²⁵	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
1	BGUE-BXXXX-03-020500-C1-ESTAT	Difreáilte	TÁ	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	Ceann ar bith		TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

²³ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

²⁴ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

²⁵ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	1	An Margadh Aonair, Taighde agus Nuálaíocht
--	----------	---

Ard- Stiúrthóireacht: ESTAT			2026	2027	IOMLÁN
• Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí					
Líne bhuiséid ²⁶ 03.02.05	Gealltanais	(1a)	1.250	1.250	2.500
	Íocaíochtaí	(2a)	1.250	1.250	2.500
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ²⁷					
Líne bhuiséid		(3)	0	0	0
IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh na hArd-Stiúrthóireachta ESTAT	Gealltanais	=1a+1b +3	1.250	1.250	2.500
	Íocaíochtaí	=2a+2b +3	1.250	1.250	2.500

• IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	1.250	1.250	2.500
	Íocaíochtaí	(5)	1.250	1.250	2.500

²⁶ De réir ainmníocht oifigiúil an bhuiséid.

²⁷ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínite ‘BA’) a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

• IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0	0	0
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTÉIDIL 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+ 6	1.250	1.250	2.500
	Íocaíochtaí	=5+ 6	1.250	1.250	2.500

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	7	‘Caiteachas riaracháin’
--	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
Ard- Stiúrtóireacht: ESTAT				
• Acmhainní daonna		0.550	0.550	1.100
• Caiteachas riaracháin eile		0	0	0
IOMLÁN AS ESTAT	Leithreasuithe	0.550	0.550	1.100

IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán na ngealltanais = Iomlán na n-íocaíochtaí)	0.550	0.550	1.100
--	--	-------	-------	--------------

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	1.800	1.800	3.600
	Íocaíochtaí	1.800	1.800	3.600

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain N		Bliain N+1		Bliain N+2		Bliain N+3		Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Sagha s ²⁸	Meán chostas	NÍL	Costas	NÍL	Costas	NÍL	Costas	NÍL	Costas	NÍL	Costas	NÍL	Costas	NÍL	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ²⁹ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁIN																		

²⁸ Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

²⁹ Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2026 ³⁰	Bliain 2027	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			IOMLÁN
--	------------------------------	----------------	---------------	---------------	--	--	--	--------

CEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	0.550	0.550						1.100
Caiteachas riaracháin eile	0	0						0
Fo-iomlán CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	0.550	0.550						1.100

Lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7³¹ den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Caiteachas eile de chineál riaracháin								
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN	0.550	0.550						1.100
---------------	-------	-------	--	--	--	--	--	-------

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-

³⁰ Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta ina dhiaidh sin.

³¹ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlinnte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

	Bliain 2026	Bliain 2027	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)							
20 01 02 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	2	2					
20 01 02 03 (Toscaireachtaí)							
01 01 01 01 (Taighde indíreach)							
01 01 01 11 (Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
• Foireann sheachtrach (in aonad de Choibhéis Lánaimseartha: FTE) ³²							
20 02 01 (AC, END, INT ón ‘imchlúdach iomlánaíoch’)	2	2					
20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí)							
XX 01 xx yy zz ³³	- sa Ceannteathrú						
	- i dToscaireachtaí						
01 01 01 02 (AC, END, INT – Taighde indíreach)							
01 01 01 12 (AC, INT, SNE – Taighde díreach)							
Línte buiséid eile (sonraigh)							
IOMLÁN							

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhiart faoina gcúram cheana agus/nó a ath-implonófar laistigh den Ard-Stiúthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d’fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Obair mhodheolaíochta chun na coincheapa, na sainmhínithe agus na modhanna staidrimh a chur chun feidhme go fónta Obair soláthartha sonraí chun na sonraí agus na meiteashonraí a fháil, a phróiseáil, a bhailíochtú agus a fhoilsiú Anailís sonraí, foilseacháin agus tacaíocht d’úsáideoirí Comhar idirinstiitíuideach agus idirnáisiúnta maidir le hábhair staidrimh
Pearsanra seachtrach	Tacú le hobair mhodheolaíochta chun na coincheapa, na sainmhínithe agus na modhanna staidrimh a chur chun feidhme go fónta TF agus obair theicniúil eile a thacaíonn le sonraí a tháirgeadh, anailís a dhéanamh ar staidreamh agus staidreamh a scaipeadh

³² AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

³³ Fo-uasteorainn d’fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte ‘BA’).

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

Cumhdófar na riachtanais airgeadais le leithreasuithe an Chláir don Mhargadh Aonair arb ann dóibh cheana mar a fhoráiltear i gclársceidealú airgeadais CAI 2021-2027.

- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann, na méideanna comhfhreagracha agus na hionstraimí atá beartaithe a úsáid.

- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI.

Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain N ³⁴	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe								

³⁴

Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad ‘N’ (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta ina dhiaidh sin.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnaimh ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnaimh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne ioncain:	buiséid	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ³⁵					
			Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)	
Airteagal								

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

Neamhbhainteach.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

Neamhbhainteach.

³⁵

A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach

Má mheastar nach bhfuil aon cheanglas ábharthachta digití ag baint leis an tionscnamh beartais, tabhair míniú ar an bhfáth nach n-úsáidtear modhanna digiteacha

--

Seachas sin, liostaigh na ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach sa tábla thíos:

Tagairt don cheanglas	Tuairisc ar an gceanglas	Gníomhaí a ndéanann an ceanglas difear dó nó a bhfuil baint aige leis	Próisis Ardleibhéil	Catagóir
Airteagal 3	Foinsí sonraí agus modhanna	Ballstáit (Údaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a thiomsú)	Bailiú sonraí, Próiseáil sonraí, Tiomsú sonraí	Sonraí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha;
Airteagal 4(1)	Gníomhaithe chun rochtain ar fhoinsí sonraí a sholáthar	Aonaid staidrimh mar a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle; sealbhóirí taifead riaracháin; sealbhóirí sonraí príobháideacha;	Bailiú sonraí, Próiseáil sonraí	Sonraí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha;
Airteagal 4(2); Airteagal 4(3)	Sonraí foinseacha agus faisnéis atá le soláthar ag na haonaid staidrimh a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle	Údaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a thiomsú; Aonaid staidrimh mar a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle;	Bailiú sonraí	Sonraí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha;
Airteagal 4(4)	Sonraí foinse a úsáid	Na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile; Sealbhóirí príobháideacha sonraí	Bailiú sonraí; Athúsáid sonraí;	Sonraí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha; Réitigh dhigiteacha;
Airteagal 4(5)	Rochtain ar shonraí foinseacha agus úsáid na sonraí sin	An Institiúid Staidrimh Náisiúnta An Coimisiún (Eurostat) Sealbhóir sonraí príobháideach	Athúsáid sonraí; Próiseáil sonraí; Tiomsú sonraí	Sonraí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha; Réitigh dhigiteacha;

Airteagal 5	Ceanglais sonraí staidrimh	Ballstáit; An Coimisiún Eorpach	Próiseáil sonraí, Tiomsú sonraí; Tarchur sonraí	Sonraí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha; Réitigh Dhigiteacha;
Airteagal 6	Ceanglais cháilíochta agus tuairisciú cáilíochta maidir le staidreamh	Ballstáit; An Coimisiún Eorpach	Cáilíocht sonraí; Bailiú sonraí; Tiomsú sonraí; Tarchur sonraí;	Sonraí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha;

4.2. Sonraí

Tuairisc ardleibhéil ar na sonraí sa raon feidhme agus aon chaighdeán gaolmhar/sonraíocht ghaolmhar

Cineál sonraí	Tagairt/tagairtí don cheanglas	Caighdeán agus/nó sonraíocht (más infheidhme)
Staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais, lena gcumhdaítear na táscairí seo a leanas: (a) Ceadanna tógála (an líon teaghaisí, achar urláir inúsáidte) (b) Tosú tógála agus cur i gcrích oibre (achar urláir inúsáidte) (c) Innéacsanna praghsanna eastáit réadaigh tráchtála (d) Innéacsanna cíosanna eastáit réadaigh tráchtála (e) Luach idirbheart eastáit réadaigh tráchtála.	Airteagal 3; Airteagal 4(1); Airteagal 4(2); Airteagal 4(3); Airteagal 5 Airteagal 6	Leagtar amach athróa san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo; Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme ón gCoimisiún, déanfar eilimintí breise de na sonraí atá le tarchur ag na Ballstáit chuig Eurostat a shainiú mar a shonraítear in Airteagal 5, mír 4.

Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

Mínigh an chaoi a bhfuil an ceanglas/na ceanglais ailínithe leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

Ceanglaítear leis an togra le haghaidh rialacháin staidrimh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a fhorbairt trína áirithiú go mbeidh rochtain ag institiúidí staidrimh náisiúnta agus ag údaráis ábhartha eile ar na foinsí sonraí is gá, lena n-áirítear taifid riaracháin agus sonraí atá i seilbh phríobháideach. Tá sé sin ag teacht le cuspóir na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí feabhas a chur ar rialachas sonraí agus ar rochtain ar shonraí. Tá sé sin i gcomhréir freisin le hAirteagail 17a go 17c de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le rochtain ar fhoinsí sonraí chun críche an staidrimh Eorpaigh.

Trí chreat a chur ar fáil chun staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a fhorbairt agus a tháirgeadh, tacaíonn an rialachán le nuálaíocht shonraíbhunaithe in earnáil an eastáit réadaigh. Is féidir le staidreamh ardcháilíochta a bheith mar bhonn eolais do cheapadh beartas, do chinntí infheistíochta agus do thaighde, agus ar an gcaoi sin an nuálaíocht agus an fás a spreagadh. Trí chreat comhchoiteann a bhunú chun an staidreamh sin a tháirgeadh, éascaíonn an rialachán comparáid agus comhcheangal sonraí ar fud na mBallstát, rud atá ina phríomhchuspóir den Straitéis Eorpach maidir le Sonraí.

Úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha agus modhanna digiteacha chun staidreamh eastáit réadaigh tráchtála a bhailiú, a phróiseáil agus a tharchur, is féidir éifeachtúlacht a fheabhsú agus an t-ualach ar sholáthraithe sonraí, ar na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus ar an gCoimisiún (Eurostat) a laghdú.

Ailíniú le prionsabal na haonuaire

Mínigh conas a breithníodh prionsabal na haonuaire agus conas a rinneadh iniúchadh ar an bhféidearthacht sonraí atá ann cheana a athúsáid

I gcomhréir le prionsabal na héifeachtúlachta costais a shainítear i Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le staidreamh Eorpach, is é is aidhm don rialachán sonraí atá ann cheana a athúsáid chun an t-ualach ar sholáthraithe sonraí a íoslaghdú.

- Sonraítear in Airteagal 3 den rialachán go soláthróidh na Ballstáit an staidreamh trí úsáid a bhaint as na foinsí sonraí ábhartha uile agus as modhanna eolaíochtbhunaithe, dea-dhoiciméadaithe atá ar fáil go poiblí.
- Foráiltear le hAirteagal 4 den rialachán go mbeidh rochtain ag údaráis staidrimh náisiúnta ar fhoinsí sonraí riaracháin. Leis an rochtain sin, is féidir sonraí atá ann cheana a athúsáid, rud a laghdaíonn an gá atá le bailiú sonraí príomhúla agus a thacaíonn le prionsabal na haonuaire.
- Luaitear in Airteagal 4(5) go bhféadfaidh údarás staidrimh náisiúnta nó an Coimisiún (Eurostat) a iarraidh ar shealbhóir sonraí príobháideach sonraí agus meiteashonraí ábhartha a chur ar fáil, saor in aisce, i gcás ina bhfuil géarghá leis na sonraí a iarrtar chun staidreamh eastáit réadaigh tráchtála a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

Mínigh an chaoi a bhfuil sonraí nuachruthaithe inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte, agus an chaoi a gcomhlíonann siad caighdeáin ardcháilíochta

Ceanglaítear le hAirteagail 3 agus 6 den rialachán ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na bhfoinsí sonraí, na critéir cháilíochta le haghaidh staidreamh Eorpach mar a shainmhínítear in Airteagal 12, Rialachán (CE) 223/2009 a chur i bhfeidhm agus tuairisciú rialta a dhéanamh don Choimisiún (Eurostat) maidir le cáilíocht na sonraí a tharchuirtear. Ceanglaítear le hAirteagal 6 freisin ar na Ballstáit meiteashonraí a sholáthar de réir an Struchtúir Chomhtháite Meiteashonraí Aonair (SIMS) agus cuirtear chun cinn leis úsáid formáidí caighdeánaithe sonraí, amhail SDMX (Malartú Sonraí Staidrimh agus Meiteashonraí), chun malartú agus athúsáid sonraí idir córais agus eagraíochtaí éagsúla a éascú.

Sreafaí Sonraí

Cineál sonraí	Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais	Gníomhaí a sholáthraíonn na sonraí	Gníomhaí a fhaigheann na sonraí	Truicear don mhalartú sonraí	Minicíocht (más infheidhme)
An fhaisnéis is gá chun staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a tháirgeadh	Airteagail 4(2) agus 4(3)	Aonaid staidrimh mar a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle; sealbhóirí taifead riaracháin; sealbhóirí sonraí príobháideacha	Údaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a thiomsú;	Arna iarraidh sin d'údaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a thiomsú	Ní bhaineann le hábhar
Sonraí foinseacha ó fhoinsí sonraí riaracháin, ó bhunachair sonraí, ó chórais idir-inoibritheachta agus etc., lena n-áirítear taifid leictreonacha ar idirbhearta ar an leibhéal mionsonraithe is gá chun staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a tháirgeadh	Airteagal 4(2) agus 4(3)	Aonaid staidrimh	Údaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a thiomsú;	Arna iarraidh sin d'údaráis staidrimh náisiúnta atá freagrach as staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a thiomsú	Ní bhaineann le hábhar
Táscairí staidrimh neamhairgeadais maidir le heastát réadach tráchtála le haghaidh na n-athróg a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán	Airteagal 5(2)	Na Ballstáit	An Coimisiún Eorpach (Eurostat).	//	Ní bhaineann le hábhar
Tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta bliantúla agus fardail a thugtar cothrom le dáta go bliantúil ina bhfuil mionsonraí ar fhoinsí sonraí, sainmhínithe agus modhanna a úsáideadh.)	Airteagal 6(4)	Na Ballstáit	An Coimisiún Eorpach (Eurostat).	Féadfar módúlachtaí cur chun feidhme a shainiú i ngníomhartha cur chun feidhme an Choimisiúin de bhun Airteagal 5(4) den rialachán	Ní bhaineann le hábhar
Faisnéis nó athruithe maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar	Airteagal 6(6)	Na Ballstáit	An Coimisiún Eorpach (Eurostat).	Tar éis teagmhas a mbeadh tionchar aige ar cháilíocht na sonraí a tharchuirtear chuig an gCoimisiún	Ní bhaineann le hábhar

cháilíocht na sonraí a tharchuirtear.				(Eurostat)	
Aon fhaisnéis bhreise is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí agus na meiteashonraí.	Airteagal 6(7)	Na Ballstáit	An Coimisiún Eorpach (Eurostat).	Tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ón gCoimisiún (Eurostat)	Ní bhaineann le hábhar

4.3 Réitigh Dhigiteacha

I gcás gach réitigh dhigitigh, soláthair an tagairt don cheanglas/do na ceanglais maidir le hábharthacht dhigiteach a bhaineann leis, tuairisc ar fheidhmiúlacht shainordaithe an réitigh dhigitigh, an comhlacht a bheidh freagrach as, agus gnéithe ábhartha eile amhail in-athúsáidteacht agus inrochtaineacht. Ar deireadh, mínigh cé acu atá nó nach bhfuil sé i gceist leis an réiteach digiteach úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí IS.

Réitigh dhigiteacha	Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais	Príomhfheidhmiúlachtaí sainordaithe	An comhlacht atá freagrach	Conas a dhéantar freastal ar inrochtaineacht?	Conas a chuirtear ath-inúsáidteacht san áireamh?	Úsáid theicneolaíochtaí IS (más infheidhme)
Córais staidrimh Eorpacha a oibríonn le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais	Airteagal 4; Airteagal 5; Airteagal 6	Sonraí, tuarascálacha cáilíochta meiteashonraí tagartha ar staidreamh maidir le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais a fháil ó na Ballstáit	An Coimisiún Eorpach (Eurostat).	Úsáid bonneagair atá ann cheana	Úsáid bonneagair atá ann cheana	Ní shonraítear
Córais staidrimh náisiúnta a oibríonn le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais	Airteagal 4; Airteagal 5; Airteagal 6	Sonraí foinseacha a fháil, a stóráil agus a phróiseáil agus staidreamh a thiomsú maidir le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais	An Ballstát	Úsáid bonneagair atá ann cheana	Úsáid bonneagair atá ann cheana	Ní shonraítear

Maidir le gach réiteach digiteach, mínigh conas a chomhlíonann an réiteach digiteach ceanglais agus oibleagáidí chreat cibearshlándála an Aontais, agus beartais dhigiteacha agus achtacháin reachtacha eile is infheidhme (amhail eIDAS, Tairseach Aonair Dhigiteach, etc.).

Córais staidrimh Eorpacha a oibríonn le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais

Beartas digiteach agus/nó earnálach (nuair is infheidhme iad sin)	Míniú ar an gcaoi a n-ailíníonn sé
<i>An Gníomh um an Intleacht Shaorga (Gníomh IS)</i>	Ní bhaineann le hábhar
<i>Creat Cibearshlándála an Aontais</i>	Bunaithe ar an mbonneagar staidrimh atá ann cheana
<i>eIDAS</i>	Ní bhaineann le hábhar
<i>Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI</i>	Ní bhaineann le hábhar
<i>Eile</i>	Athúsáid a bhaint as foinsí sonraí ábhartha arna leagan síos de réir beartais earnála

Córais staidrimh náisiúnta a oibríonn le heastát réadach tráchtála neamhairgeadais

Beartas digiteach agus/nó earnálach (nuair is infheidhme iad sin)	Míniú ar an gcaoi a n-ailíníonn sé
<i>An Gníomh um an Intleacht Shaorga (Gníomh IS)</i>	Ní bhaineann le hábhar
<i>Creat Cibearshlándála an Aontais</i>	Bunaithe ar an mbonneagar staidrimh atá ann cheana
<i>eIDAS</i>	Ní bhaineann le hábhar
<i>Tairseach Aonair Dhigiteach agus IMI</i>	Ní bhaineann le hábhar
<i>Eile</i>	Athúsáid a bhaint as foinsí sonraí ábhartha arna leagan síos de réir beartais earnála

4.4 Measúnú idir-inoibritheachta

Tabhair tuairisc ar an tseirbhís phoiblí dhigiteach/na seirbhísí poiblí digiteacha a ndéanann na ceanglais difear di/dóibh

Seirbhís phoiblí dhigiteach nó catagóir de sheirbhísí poiblí digiteacha	Tuairisc	Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais	Réitigh um Eoraip Idir-inoibritheach (NÍ BHAINNEANN LE hÁBHAR)	Réitigh idir-inoibritheachta eile
Seirbhísí Staidrimh	Staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais a tharchur agus a scaipeadh	Airteagal 5; Airteagal 6	Ní bhaineann le hábhar	Coinníonn Eurostat pointe iontrála aonair (eDAMIS) ar bun a úsáideann Institiúidí Staidrimh Náisiúnta agus údaráis náisiúnta eile chun sonraí a tharchur chuig Eurostat. Scaiptear staidreamh Eorpach i mbunachar sonraí atá ar fáil go poiblí agus atá saor ó chostas agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat.

Measúnú a dhéanamh ar thionchar an cheanglais/na gceanglas ar idir-inoibritheacht trasteorann

Seirbhísí Staidrimh

Measúnú	Bearta	Bacainní a d'fhéadfadh a bheith fós ann
Measúnú a dhéanamh ar an ailíniú le beartais dhigiteacha agus earnálacha atá ann cheana Liostaigh na beartais dhigiteacha agus earnála is infheidhme a sainaithníodh	Tá an Rialachán seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh Eorpach. Is reachtaíocht earnála í a bhfuil feidhm aici maidir le réimse staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais na hEorpa. Leanann an Rialachán seo moltaí Mholadh (AE) 2023/397 ón gCoimisiún an 17 Feabhra 2023 maidir le meiteashonraí tagartha agus tuarascálacha cáilíochta le haghaidh an Chórais Staidrimh Eorpaigh. Bunaítear leis an Rialachán seo creat comhchoiteann íosta le haghaidh bunachar sonraí a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh maidir le táscairí i ndáil le margadh an eastáit réadaigh tráchtála fhisicigh Beidh sé de cheart ag institiúidí staidrimh náisiúnta rochtain a fháil ar gach taifead riaracháin náisiúnta agus iad a úsáid, go pras agus saor in aisce, agus na taifid riaracháin sin a chomhtháthú le	Dada

	staidreamh, a mhéid is gá chun staidreamh neamhairgeadais eastáit réadaigh tráchtála a fhorbairt agus a tháirgeadh.	
Measúnú a dhéanamh ar na bearta eagraíochtúla chun seirbhísí poiblí digiteacha trasteorann a sholáthar go rianúil Liostaigh na bearta rialachais atá beartaithe	I gcomhréir le hAirteagal 5(4), cumhachtaítear don Choimisiún chun gníomhaíochtaí cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid a leanas a shainiú; eilimintí na sonraí atá le tarchur, chomh maith lena sainmhínte teicniúla agus a simplithe. I gcomhréir le hAirteagal 6(4), cumhachtaítear don Choimisiún freisin gníomhaíochtaí cur chun feidhme a ghlacadh chun an méid a leanas a shainiú; sonraí na n-athróg agus na formáide, na bearta slándála agus rúndachta, an nós imeachta maidir le sonraí rúnda a mhalartú, na socruithe praiticiúla don tarchur, inneachar agus sprioc-amanna le haghaidh tuairiscí cáilíochta agus meiteashonraí a tharchur, na caighdeáin le haghaidh sonraí agus meiteashonraí a tharchur, agus maoluithe coibhneasta ar cheanglais an Rialacháin seo.	Dada
Measúnú a dhéanamh ar na bearta a glacadh chun comhthuiscint ar na sonraí a áirithiú Liostaigh na bearta sin	I gcomhréir le hAirteagal 6 den rialachán, beidh tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus cáilíochta ar fáil chun feabhas a chur ar an tuiscint ar staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais na hEorpa; Cuirtear chun cinn úsáid an Struchtúir Meiteashonraí Chomhtháite Aonair (SIMS) agus úsáid caighdeán idirnáisiúnta, amhail an Malartú Sonraí Staidrimh agus Meiteashonraí (SDMX).	Dada.
Measúnú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as sonraíochtaí agus caighdeáin theicniúla oscailte arna gcomhaontú go comhchoiteann Liostaigh na bearta sin	Cuirtear chun cinn úsáid caighdeán bunaithe staidrimh nó teicniúil agus bonneagair bhunaithe staidrimh nó theicniúil arna bhforbairt laistigh den Chóras Staidrimh Eorpach a mhéid is ábhartha do staidreamh eastáit réadaigh tráchtála neamhairgeadais.	Dada

4.5 Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Tuairisc ar an mbeart	Tagairt/tagairtí don cheanglas/do na ceanglais	Ról an Choimisiúin (más infheidhme)	Gníomhaithe le bheith páirteach (más infheidhme)	An amlíne a bhfuil coinne léi (más infheidhme)
Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an liosta athróg a leagtar amach san Iarscríbhinn a leasú	Airteagal 5(3)	Gníomhartha tarmligthe a ghlacadh	Ní bhaineann le hábhar	Níl aon spriocdháta leagtha síos.
Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na heilimintí seo a leanas de na sonraí a tharchuirfear a shonrú, chomh maith lena sainmhínithe teicniúla agus a simplithe a leagtar amach in Airteagal 5(4)	Airteagal 5(4)	Gníomhartha tarmligthe a ghlacadh	An Coimisiún (Eurostat) An Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach Na Ballstáit	Níl aon spriocdháta leagtha síos. Táthar ag súil go nglacfar an gníomh cur chun feidhme tosaigh go gairid tar éis ghlacadh an Rialacháin seo.
Staidéir phiólótacha a sheoladh a bheidh le déanamh ag na Ballstáit, ar bhonn deonach	Airteagal 7	Riachtanais a shainnaithint le haghaidh ceanglais shuntasacha nua sonraí nó feabhsuithe ar na sonraí a chumhdaítear leis an Rialachán seo	Na Ballstáit	Ní bhaineann le hábhar
Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear na socruithe praiticiúla maidir leis na sonraí a tharchur, inneachar na dtuascálacha meiteashonraí tagartha agus na tuascálacha cáilíochta a tharchur agus agus	Airteagal 6(5)	Gníomhartha tarmligthe a ghlacadh	An Coimisiún (Eurostat) An Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach Na Ballstáit	Níl aon spriocdháta leagtha síos. Táthar ag súil go nglacfar an gníomh cur chun feidhme tosaigh go gairid tar éis ghlacadh an Rialacháin seo.

sprioc-amanna chun na tuarascálacha meiteashonraí tagartha agus na tuarascálacha cáilíochta sin a tharchur, agus maidir leis na fardail a tharchur.				
Is féidir ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil ó bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh próisis, bogearraí agus feidhmeanna cosúla tacaíochta a fhorbairt nó a fheabhsú atá dírithe ar staidreamh cáilíochta níos fearr a tháirgeadh nó an t- ualach riaracháin nó airgeadais a laghdú	Airteagal 8	Maoiniú a chur ar fáil chun an Rialachán a chur chun feidhme	Na hInstitiúidí Staidrimh Náisiúnta agus na húdaráis náisiúnta eile dá dtagraítear sa liosta dá bhforáiltear in Airteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009	Ní bhaineann le hábhar